

FÓGRA LÁITHREÁIN

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

Iarratasóir: Seirbhísí Tithíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Suíomh: Láithreán atá thart ar 0.88 heicteár ag Bailtíní an Chrócaigh, Ascaill Sackville, Baile Átha Cliath 3

Togra: De bhun na gceanglas a bhaineann leis an méid thuasluaite, tugtar fógra leis seo maidir le 52 árasán a thógáil ar láithreán thart ar 0.88 heicteár ag Bailtíní an Chrócaigh, Ascaill Sackville a bheidh teorannaithe ag Bóthar an Bhaile Bhoicht, Gairdíní Sackville, Ascaill Sackville, Cearnóg Ardoileáin, Bóthar Ardoileáin agus Ionad Náisiúnta Liathróid Láimhe CLG, Baile Átha Cliath 3, ina mbeidh an méid seo a leanas i gceist:

- Is éard a bheidh sna hoibreacha glanta ag an láithreán ballaí agus fálú teorann agus gairdín cuibhriinn a bhaint ag láithreán Bhailtíní an Chrócaigh atá teorannaithe ag Bóthar an Bhaile Bhoicht, Gairdíní Sackville, Ascaill Sackville, Cearnóg Ardoileáin, Bóthar Ardoileáin agus Ionad Náisiúnta Liathróid Láimhe CLG. Bainfear balla feadh theorainn an láithreáin agus tailte Iarnród Éireann agus líne iarnróid (ó dheas) agus cuirfear balla teorann nua ina áit freisin. Ceadaítear scartáil do bhloc árasán atá fágtha de Bhailtíní an Chrócaigh faoi Chlár an Údaráis Phleanála. Tagairt. 2946/16.
- Dhá bhloc árasán idir 4 agus 5 stór a thógáil, ina mbeidh 52 aonad cónaithe san iomlán:
 - Beidh 35 aonad cónaithe i mBloc A (1 árasán le 1 leaba agus 34 árasán 2 leaba); agus
 - Beidh 17 aonad cónaithe i mBloc B (4 árasán le 1 leaba agus 13 árasán 2 leaba); agus 152 méadar cearnach de spás inmheánach pobail, ealaíon agus cultúrtha ar an mbunurlár.
- 4 spás páirceála do charranna agus 129 spás do rothair.
- Leathnófar sráid Ghairdíní Sackville chun gabháil isteach ar Chearnóg Ardoileáin chun sráid teorann nua a chruthú go dtí imeall theas Bhloc A, a fheidhmeoidh mar nasc nua coisithe agus rothaíochta agus a fheidhmeoidh freisin mar rochtain d'fheithiclí éigeandála.
- Spásanna páirceála do charranna neamhshonraithe feadh Ascaill Sackville a bhaint agus Búlbhard nua a thógáil ar Ascaill Sackville ó acomhal Bhóthar an Bhaile Bhoicht go Bóthar Ardoileáin, a éascóidh rochtain d'fheithiclí freisin.
- Soláthar de thart ar 961 méadar cearnach de spás oscailte poiblí, spás oscailte comhroinnte thart ar 500 méadar cearnach, spás oscailte príobháideach thart ar 367 méadar cearnach agus 68 méadar cearnach de spás pobail, ealaíon agus cultúrtha lasmuigh (55 méadar cearnach os comhair Ascaill Sackville agus 13 méadar cearnach i gclós inmheánach).
- Cóireálacha teorann, soilsiú poiblí, oibreacha draenála láithreáin, dromchlú bóithre agus cosáin, fostáisiún BSL, seomraí gléasra, stóráil araidí agus rothar, tírdhreachú; agus
- Gach seirbhís choimhdeachta láithreáin agus oibreacha forbartha os cionn talún agus faoin talamh.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chúí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra agus scagthástáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus táthar den tuairim go:

- (a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach ná ar shuíomhanna Eorpacha, agus mar sin de, níl gá le Céim 2 de Mheasúnacht Chúí.
- (b) Níl aon dóchúlacht cheart ann go n-imreoidh an fhorbairt atá beartaithe tionchar suntasach ar an timpeallacht agus nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe de chaighdeán atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001, arna leasú, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR).

Is féidir le haon duine, laistigh den tréimhse 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála deimhniú scagthástála a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht atá ann go n-imreodh an fhorbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 07/08/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: <https://consultation.dublincity.ie> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30i.n. ar an **18/09/2024**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne freisin <https://consultation.dublincity.ie> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 a chlog ar an **18/09/2024**.